View in browser

16 Nollaig 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 78





## SEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA CNNG CHOLMCILLE

Beidh seirbhísí luathbhlianta nua á reáchtáil i Scoil na Tulaí sa mbliain nua. In éineacht leis an tseirbhís naíonra atá ar fáil ann faoi láthair, beidh fáil ar chlub bricfeasta ón 8 r.n. go dtí go rachaidh na gasúir ar scoil. Chomh maith le sin, beidh seirbhís iar-naíonra ar fáil théis a 12, agus seirbhís iar-scoile freisin. Foilsíodh físeán álainn ar leathanach Facebook Chomhar Naíonraí na Gaeltachta le sonraí a thabhairt ar na seirbhísí seo chomh maith le camchuairt ar na stáisiúin uilig atá ann do na gasúir. Is féidir breathnú ar an bhfíseán anseo. Le clárú do na seirbhísí seo, nó le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le 087 224 1488

## RANGANNA FEADÓIGE SA SPIDÉAL

Tá ranganna feadóige á reáchtáil ag Meadhbh Ní Eidhin atá feiliúnach do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Freastlófar ar ghrúpaí beaga de thriúir, as an mbolgán sóisialta céanna freisin. Beidh na ranganna ar siúl i nGailearaí Fiúise sa Spidéal. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Meadhbh ag mavceol@gmail.com nó seol téacs chuici ag 087 795 3817

## SCANNÁIN GHAEILGE NA NOLLAG

Beidh scannáin i nGaeilge do ghasúir á gcraoladh ag TG4 i rith na Nollag. Léireofar *Dr. Seuss' The Lorax* Oíche Nollag, an scannán *Cleo* @ 10r.n. Lá Nollag, chomh maith le *Sherlock Gnomes* níos deireannaí ag 2:50 i.n. in éineacht le *Spongebob, An Scannán* agus *Curios George* i mí Eanáir. Tá súil againn go

mbeidh deis ag gasúir Chois Fharraige a scíth a ligint agus taitneamh a bhaint as na scannáin iontacha seo ar TG4.







## RANGANNA LE TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Cuirfear tús leis an dara téarma de Ranganna Thuismitheoirí na Gaeltachta an tseachtain dár tús 10ú Eanáir 2022. Beidh meascán de ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa ar an sean nós á reáchtáil in Ionad Splanc ar an gCeathrú Rua. Cloífear le srianta COVID ó thaobh sláinte poiblí de, agus leanfar leis na ranganna seo ar an gcóras *Zoom* má tá gá leis. Is féidir tuilleadh eolais a fháil nó clárú do na ranganna ach teagmháil a dhéanamh le @ aisling@tuismtheoiri.ie




## COMÓRTAS LE SIOPA ÚDAR

Tá comórtas á reáchtáil ag an siopa **Údar** le dhá mhíreanna mearaí a bhuachan - ceann amháin bunaithe ar ainmhithe agus ceann eile dírithe ar uimhreacha. Le deis a fháil na duaiseanna a bhuachan, ní mór an cuntas a leanacht ar Facebook, postáil an chomórtais a roinnt agus clibeáil a dhéanamh ar **Siopa Údar** ar do scéal ar Facebook. Is féidir d'ainm a chur chun cinn ar a gcuntas Facebook anseo. Go n-éirí libh!

## STUIF NA NOLLAG

Tá ríméad orainn **Stuif na Nollag** a reáchtáil arís i mbliana – feachtas a thugann deis dúinn tús áite a thabhairt do mhuintir gnó Chois Fharraige agus an Nollaig ag teannadh linn. Idir seo agus an Nollaig, beidh pictiúir, colláisí agus físeáin á fhoilsiú againn ar na meáin shóisialta agus anseo i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tabharfaidh na híomhánna agus na físeáin seo léargas iontach ar na seirbhísí agus táirgí áille atá ar fáil ar fud, fad Chois Fharraige. Chomh maith le sin, beidh

deis ag an bpobal duaiseanna a bhuachan ach 'grá', 'roinn' nó 'tagairt' a thabhairt do na físeáin ar ár gcuntas Facebook.




## FUTA FATA

Is comhlacht foilsitheoireachta áitiúil é **Futa Fata** a oibríonn le foilsitheoirí idirnáisiúnta chomh maith le saothar úrnua a fhoilsiú. Tá raon leathan ábhair ar fáil ó **Futa Fata** don Nollaig. San áireamh i mbliana tá an scéal is déanaí ón sraith COINÍN, chomh maith le scéal úrnua darbh ainm EOINÍN. Tugann na scéalta seo deis do ghasúir ról idirghníomhach a ghlacadh le cúnamh a thabhairt do Choinín agus d'Eoinín le tascanna éagsúla. Do léitheoirí níos sine, tá go leor á thairiscint ag an bhfoilsitheoir i mbliana - ina measc Ó Am go hAm le Patricia Forde a insíonn scéal Aoife a thuigeann saibhreas na staire nuair a théann sí ar thuras suimiúil i lár na hoíche! Níl anseo ach blaiseadh beag den raon leathan atá ar fáil ó **Futa Fata** don Nollaig. Is féidir teacht ar na leabhair seo anseo nó ag do shiopa leabhair áitiúil.







## BLÁTHANNA AGUS BRONNTANAIS CHAROLINE

Tá **Bláthanna agus Bronntanais Charoline** lonnaithe ag an Rós Óir, An Teach Mór in Indreabhán. Cuireann Caroline crobhaing bláthanna den scoth ar fáil, chomh maith le maisiúcháin áille. Tá clú agus cáil ar Charoline sa bpobal dá

cruthaitheacht agus samhlaíocht agus na táirgí áille a chuireann sí ar fáil. Is féidir ordú a dhéanamh le Caroline ach teagmháil a dhéanamh léi ag 086 388 7703. Tá cuntas Facebook Charoline le feiceáil anseo. Tá raon leathan bronnatanais ar fáil ag siopa Charoline freisin - dlúthdhioscaí na Nollag, leabhair, coinnle, maisiúcháin agus go leor eile nach iad!






## SOLAS RELAXATION

Is comhlacht suaimhnis agus aireachais é **Solas Relaxation** a fhreastlaíonn ar chuile aoisghrúpa idir óg agus aosta. Déanann an comhlacht seisiúin atá feiliúnach do dhaoine aonair, do ghrúpaí beaga agus do theaghlaigh. Cinntíonn an comhlacht go bhfreastlófar go díreach ar riachtanais an chustaiméara, trí chúrsaí a phlé leo roimh ré. Braitheann cur chuige na seisiún ar aois an duine nó an ghrúpa. Úsáidtear ceol bog, bia, imeachtaí agus cluichí spraíúla agus aireachas sna seisiúin. Is féidir leis an gcomhlacht seisiúin agus ranganna a reáchtáil i mBéarla nó i nGaeilge. Dean teagmháil le Katie, ag Solas Relaxation ag solasrelaxation@gmail.com nó ag 086 376 1954





## CLÓ IAR-CHONNACHT

Is iomaí leabhar álainn atá ar fáil ó **Chló Iar-Chonnacht** i mbliana, ar phraghasanna iontacha mar chuid de shladmhargadh na Nollag. Tá **Árasán,**

leabhar nua de chuid Ogie Ó Céilleachair, acu. Tugann an scéal seo léargas ar shaol an mhic léinn agus suáilcí agus duáilcí bheatha an scoláire á chasadh leo i rith na bliana acadúil - idir mhaith agus olc! Chomh maith leis sin tá dlúthdhioscanna áille ar nós **Amhrán is Fiche don Nollaig** le Síle Denvir, Méabh Ní Bheaglaíoch agus Mairéad Ní Mhaonaigh. Le ceiliúradh a dhéanamh ag an am seo den bhliain tá comórtais iontacha á reáchtáil ag Cló Iar-Chonnacht don Aidbhint. Chuile lá idir seo agus Lá Nollag, is féidir leabhar a bhuachan ach tacaíocht a thabhairt don siopa ar a gcuntas Facebook, le fáil anseo. Is féidir breathnú ar na leabhair uilig atá ar fáil i Chlo Iar-Chonnacht ar a suíomh idirlín anseo.







## DRÁMAÍOCHT DON ÓIGE - CUIREADH CHUN TAIRISCEANA

Tá **Ealaín na Gaeltachta** ag lorg iarratais ó ghrúpaí, eagraíochtaí, gnólachtaí nó daoine aonaracha le taighde agus iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le clár drámaíochta don óige a fhorbairt sa nGaeltacht. Tabharfaidh an taighde forléargas ar staid reatha na drámaíochta don óige sa Ghaeltacht. Beidh moltaí agus treoir ag teastáil maidir le múnla agus cur chuige do chlár phíolótach, chun go mbeadh sé ar chumas Ealaín na Gaeltachta clár agus imeachtaí a reáchtáil a bheidh ag teacht le dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bheifí ag súil go mbeadh taithí ag an té a bheadh i mbun an taighde i réimse leathan modheolaíochta, go háirithe taighde gníomhach, go mbeadh tuiscint acu ar rannpháirtíocht agus guth na hóige agus go mbeadh saineolas ar mhúnlaí éagsúla drámaíochta don óige agus réimse na hamharclannaíochta óige acu. Is féidir tuilleadh eolais faoin togra, chomh maith le sonraí le hiarratas a dhéanamh a fháil anseo.

## CLUB ÓIGE LURGAN

Tháinig **Club Óige Lurgan** le chéile, don chéad uair le tamall anuas, le gairid. Chuaigh an grúpa ar cuairt go Gaillimh le freastal ar an ngeamaireacht de chuid Fíbín sa Taibhdhearc. Chomh maith le sin, bhí deis ag na déagóirí roinnt ama a chaitheamh ag Aonach Nollag na Gaillimhe, sa bhFaiche Mhór. Bhain na déagóirí idir taitneamh agus tairbhe as



an turas, agus tá siad ag súil go mór leis an gcéad cheann eile.

## CLUB IOMÁNAÍOCHTA BEARNA NA FORBACHA - CLUB SLÁINTIÚIL AN CLG

Tá éacht eile bainte amach ag **Club Iománaíochta Bearna Na Forbacha**. Glacadh leis an gclub ar chéim a cúig de Thionscadal Club Sláintiúil an CLG. Díríonn an scéim seo ar na bealaí gur féidir le cumainn tacaíocht a thabhairt do shláinte iomlánaíoch a bpobal agus a mbaill. Aithníonn an togra na dea-chleachtais atá ar siúl ag clubanna, agus tugtar comhairle do chlubanna maidir le bealaí eile gur féidir leo feabhas a chur ar a gcuid tacaíochtaí. Comhghairdeachas leis an bhfochoiste sláinte sa gclub - an tOifigeach Siobhán Ní Donncha, Rúnaí Michelle Power, an tOifigeach Cóitseála Rose Conway, agus na baill eile den bhfochoiste Tadhg Ó Cualáin, Orla Moore, Suzie McDermott agus Avril Lydon. Cuirfear tús le céim a cúig den scéim i mí Feabhra 2022.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite